TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 22 Meitheamh 2023[1]

Cás C-281/22

G.K.,
B.O.D. GmbH,
S.L.
Páirtí uamtha:
Österreichischer Delegierter Europäischer Staatsanwalt

(iarraidh ar réamhrialú ó Oberlandesgericht Wien (Uaschúirt Réigiúnach, Vín, an Ostair))

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – Rialachán (AE) 2017/1939 – Imscrúduithe trasteorann – Bearta imscrúdaithe arna dtarmligean chuig ionchúisitheoir tarmligthe cúnta – Réamhúdarú breithiúnach – Athbhreithniú breithiúnach éifeachtach – Prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh – Cearta bunúsacha)

1. Chuir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE"), a bhfuil cumhachtaí aici coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a imscrúdú agus a ionchúiseamh, tús lena hoibriú an 1 Meitheamh 2021. Sa chás seo, iarrtar ar an gCúirt, den chéad uair, an ionstraim dlí lena mbunaítear an Oifig sin agus lena leagtar amach na rialacha maidir lena feidhmiú eadhon Rialachán OIPE, a léiriú.[2]

2. Maidir le coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, is minic a bhíonn gníomhaithe i roinnt Ballstát páirteach iontu. Dá bhrí sin, chun a chúram a chomhlíonadh, ní mór do OIPE a bheith in ann imscrúduithe trasteorann a dhéanamh. In imscrúduithe den sórt sin déanann an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach láimhseála ("ITE láimhseála"),[3] imscrúdú i mBallstát amháin, agus déanann Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach cúnta ("ITE cúnta")[4] dá sanntar forghníomhú an bhirt imscrúdaithe i mBallstát eile. Éilítear leis an gcás atá faoi thrácht ar an gCúirt soiléiriú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de Rialachán OIPE a dhéileálann le himscrúduithe trasteorann den sórt sin.

3. Féadfar na trí cheist a d'ardaigh an chúirt a rinne an tarchur a mheasúnú i gcomhpháirt: go bunúsach, iarrann an chúirt sin cé acu cúirt náisiúnta (nó cúirteanna) atá le húdarú breithiúnach a dheonú le haghaidh beart imscrúdaithe i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil

1 Bunteanga: an Béarla.

2 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("Rialachán OIPE") (IO L 283 2017, lch. 1).

3 Féach Airteagal 2(5) de Rialachán OIPE.

4 Féach Airteagal 2(6) de Rialachán OIPE.

príomh-imscrúdú OIPE ar siúl. Má tá an chúirt i Stát an ITE chúnta le húdarú a thabhairt, cad ba cheart a bheith i méid an athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin, agus an bhfuil ról ag aon réamhúdarú breithiúnach i mBallstát eile sa phróiseas sin?

4. Ní ceist shimplí í sin ar chor ar bith. Molann na rannpháirtithe sa chás seo dhá thuiscint chomheisiacha ar Airteagail 31 agus 32 de Rialachán OIPE. Mar a thaispeánfaidh mé, braitheann an dá réiteach chontrártha sin ar na modhanna caighdeánacha léirmhínitheacha a úsáideann an Chúirt: téacs, comhthéacs, cuspóirí agus stair reachtach [5] Rialachán OIPE. Níl údar iomlán le haon cheann de na torthaí atá molta faoi na teicnící léirithe seo go léir. Mar sin féin, beidh ar an gCúirt ceann a roghnú.

I. Fíorais, an dlí ábhartha, agus na ceisteanna a tharchuirtear

5. Tá OIPE, trína Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine (München), i mbun réamh-imscrúduithe maidir le G.K., S.L. agus B.O.D. GmbH ("na cúisithe"). Táthar in amhras go ndearna siad dearbhuithe bréagacha chun dul timpeall ar fhorálacha custaim agus bithdhíosal (de bhunadh SAM) á allmhairiú isteach san Aontas Eorpach, a d'fhág gur cailleadh ioncam de thart ar EUR 1 295 000. Is leas airgeadais de chuid an Aontais Eorpaigh é an caillteanas líomhainte sin agus, dá bhrí sin, tagann sé faoi dhlínse OIPE. [6]

6. Cé go bhfuil an príomh-imscrúdú ar siúl sa Ghearmáin, mheas OIPE gur gá fianaise a bhailiú i mBallstáit eile. Measadh, dá bhrí sin, gur ghá tabhairt faoi imscrúdú trasteorann i mBallstáit eile, lena n-áirítear san Ostair. Go sonrach, rinne an ITE láimhseála cuardach agus urghabháil ar mhaoin na gcúisithe san Ostair.

7. Faoi dhlí na hOstaire, teastaíonn réamhúdarú breithiúnach le haghaidh beart imscrúdaitheach den sórt sin. Dá bhrí sin, rinne an ITE cúnta iarratas ar bharántais bhreithiúnacha agus fuair sé iad chun áitribh chónaithe agus ghnó na ndaoine cúisithe a chuardach chun doiciméid agus crua-earraí a d'fhéadfadh a bheith ionchoiritheach a urghabháil.

8. Mar a míníodh ag an éisteacht, níor lorg agus níor dheonaigh cúirteanna na Gearmáine aon athbhreithniú breithiúnach roimh ré ar na bearta cuardaigh agus urghabhála a iarradh, cé go mbeadh gá leis sin i gcás intíre inchomparáide. Is toradh é sin ar an gcaoi a rinne an Ghearmáin Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE, atá i gceist sna himeachtaí reatha, a chur chun feidhme. De réir an chur chun feidhme sin, ní gá údarú breithiúnach a thabhairt le haghaidh imscrúduithe trasteorann, má tá an beart imscrúdaithe le déanamh i mBallstát a n-éilíonn a dhlí réamhúdarú breithiúnach freisin. [7] Sa chás sin, tá cúirt an Bhallstáit eile sin inniúil chun an beart imscrúdaithe a údarú. Dá bhrí sin, níor iarr an ITE láimhseála údarú breithiúnach sa Ghearmáin.

[5] Féach, mar shampla, na mínithe seo a leanas le déanaí faoin modh léiritheach a d'úsáid an Chúirt. "[...] de réir chásdlí socair na Cúirte, is gá, agus foráil de dhlí AE á léiriú aici, breithniú a dhéanamh ní hamháin ar a foclaíocht ach ar a comhthéacs agus ar chuspóirí na reachtaíochta ar cuid di í [...]". Féach, mar shampla, breithiúnas an 2 Feabhra 2023, *Towarzystwo Ubezpieczeń Ż (Conarthaí árachais caighdeánacha míthreoracha)* (C-208/21, EU:C:2023:64, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear). Féach freisin breithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2022, *Perfumesco.pl* (C-355/21, EU:C:2022:791, mír 39). "Féadfaidh stair reachtach forála de dhlí AE gnéithe atá ábhartha dá léiriú a nochtadh freisin [...]"..

[6] Déantar foráil do leibhéal áirithe comhchuibhithe eilimintí na gcoireanna airgeadais a dhéanann difear do leasanna an Aontais i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO 2017 L 198, 28.7.2017, 2006 lch. 29) ("Treoir CLA").

[7] Gesetz zur Ausführung der EU-Verordnung zur Errichtung der Europäischen Staatsanwaltschaft (Dlí na Cónaidhme maidir le cur chun feidhme Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh) an 10 Iúil 2020 (BGBl. I S. lch. 1648), Airteagal 3(2).

9. An 1 Nollaig 2021, chomhdaigh na cúisithe, os comhair Oberlandesgericht Wien (Uaschúirt Réigiúnach, Vín, an Ostair), an chúirt a rinne an tarchur, achomhairc i gcoinne na mbarántas cuardaigh a d'fhormheas ceithre chúirt Ostaracha. Áitíonn siad nach raibh na bearta cuardaigh agus urghabhála a údaraíodh riachtanach ná comhréireach.

10. Míníonn an chúirt a rinne an tarchur, gur mhaígh ITE cúnta na hOstaire, le linn na bpríomhimeachtaí, gur chruthaigh Rialachán OIPE cineál nua creata dhlíthiúil le haghaidh bearta imscrúdaithe trasteorann, ar dá réir nach scrúdófar an bonn cirt atá leo ach amháin i mBallstát an ITE a láimhseáladh. Ní féidir leis an gcúirt de chuid Stát an ITE chúnta bailíocht shubstainteach an bhirt imscrúdaithe a mheasúnú. Ní fhéadfaidh sí breithniú a dhéanamh ach amháin an gcomhlíonann an beart ceanglais fhoirmiúla agus nós imeachta chun é a fhorghníomhú. Dá bhrí sin, mheas an ITE cúnta gur cheart na hachomhairc a dhíbhe.

11. Dá bhrí sin, is í an cheist atá os comhair na cúirte a rinne an tarchur ná an bhfuil na cúirteanna i mBallstát an ITE chúnta údaraithe chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh mar a dhéanfaidís i gcás intíre amháin nó, maidir le himscrúduithe trasteorann OIPE, ar cheart a n-athbhreithniú a theorannú do cheisteanna nós imeachta a bhaineann le feidhmiú na mbeart imscrúdaithe sin amháin. Measann sí go mbraitheann freagra na ceiste sin ar léiriú Airteagal 31 agus Airteagal 32 de Rialachán OIPE.

12. Foráiltear le hAirteagal 31(1) go (3) de Rialachán OIPE, dar teideal "Imscrúduithe trasteorann":

"1. Gníomhóidh na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i ndlúthchomhar trí chúnamh a thabhairt dá chéile agus trí dhul i gcomhairle go rialta lena chéile i gcásanna trasteorann. I gcás inar gá beart a dhéanamh i mBallstát seachas Ballstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh láimhseála, déanfaidh an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach sin cinneadh maidir leis an mbeart is gá a ghlacadh agus sannfaidh sé é d'Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach atá lonnaithe sa Bhallstát inar gá an beart a dhéanamh.

2. Féadfaidh an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach láimhseála aon bhearta a shannadh atá ar fáil dó nó di i gcomhréir le hAirteagal 30. Beidh bonn cirt agus glacadh na mbeart sin faoi rialú ag dlí Bhallstáit an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh láimhseála. I gcás ina sannann an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach láimhseála beart imscrúdaithe d'Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach amháin nó níos mó ó Bhallstát eile, cuirfidh sé a Ionchúisitheoir Eorpach maoirseachta ar an eolas ag an am céanna.

3. Má cheanglaítear údarú breithiúnach don bheart faoi dhlí Bhallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta, gheobhaidh an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach cúnta an t-údarú sin i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin.

Má dhiúltaítear údarú breithiúnach don bheart arna shannadh, tarraingeoidh an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach láimhseála an sannadh siar.

Mar sin féin, i gcás nach n-éilítear údarú breithiúnach den sórt sin le dlí Bhallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta, ach go n-éilíonn dlí Bhallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh láimhseála é, gheobhaidh an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach sin an t-údarú agus cuirfear isteach é in éineacht leis an sannadh."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13. Foráiltear le hAirteagal 32 de Rialachán OIPE, dar teideal "Bearta sannta a fhorfheidhmiú":

Déanfar na bearta arna sannadh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le dlí Bhallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta. Déanfar foirmiúlachtaí agus nósanna imeachta arna lua go sainráite ag an Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach láimhseála a chomhlíonadh mura rud é go bhfuil na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta sin contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí Bhallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta.

14. Sna himthosca sin, chinn an chúirt a rinne an tarchur, Oberlandesgericht Wien (Uaschúirt Réigiúnach, Vín) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"(1) An gcaithfear dlí AE, go háirithe an chéad fho-alt d'Airteagal 31(3) agus Airteagal 32 de [Rialachán OIPE] a léirmhíniú sa chaoi nach mór, i gcás ina bhfuil gá le húdarú breithiúnach i ndáil le beart cur chun feidhme i mBallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh taca in imscrúduithe trasteorann, na gnéithe ábhartha go léir, eadhon dliteanas coiriúil, amhras i leith cion coiriúil, riachtanas agus comhréireacht, a fhiosrú?

(2) An gcaithfear a chur san áireamh san fhiosrú cibé an bhfuil inghlacthacht an bhirt fiosruithe cheana féin ag cúirt i mBallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh atá freagrach as an gcás faoi dhlí an Bhallstáit sin?

(3) Más freagra diúltach a thabharfar ar an gcéad cheist agus/nó más freagra dearfach a thabharfar ar an dara ceist, cá mhéad is gá athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh i mBallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh taca?

15. Chuir na páirtithe sna príomhimeachtaí, rialtais na hOstaire, na Gearmáine, na Fraince, na hÍsiltíre agus na Rómáine, OIPE, chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. Tionóladh éisteacht an 27 Feabhra 2023 inar chuir na rannpháirtithe sin go léir, seachas an Fhrainc, argóint ó bhéal i láthair.

II. Anailís

16. Chun comhairle a chur ar an gCúirt maidir le conas ceisteanna na cúirte a rinne an tarchur a fhreagairt, glacfaidh mé an cur chuige seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, déanfaidh mé cur síos gairid ar OIPE agus ar an bpróiseas a bhí taobh thiar dá bhunú a raibh tionchar aige (d'fhéadfaí a rá) ar na roghanna i dtéacs deiridh Rialachán OIPE (A). Ansin, leagfaidh mé amach an dá mhodh léiritheacha a thairgeann na rannpháirtithe sna príomhimeachtaí don Chúirt agus cuirfidh mé a gcuid argóintí i láthair (B). Sa chuid dheireanach, molfaidh mé rogha léiritheach don Chúirt, agus buntáistí agus míbhuntáistí an dá rogha á gcur san áireamh. Áireofar leis sin freisin machnamh ar chosaint na gceart bunúsach in obair OIPE (C).

A. Réamhrá gairid maidir le OIPE agus ar an stair reachtach atá taobh thiar de na rialacha maidir le himscrúduithe trasteorann

17. Is fíor-úrnuacht agus éacht tábhachtach i bpróiseas lánpháirtíochta na hEorpa é OIPE a bhunú. Is comhlacht aonair é agus, in ainneoin a eagraíochta díláraithe,[8] comhlacht doroinnte de chuid an Aontais Eorpaigh,[9] ag a bhfuil cumhachtaí imscrúdaithe agus ionchúisimh i leith coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh.[10]

18. Bunaítear OIPE faoi Airteagal 86 CFAE, a tugadh isteach le Conradh Liospóin. Leagtar amach i dTreoir CLA gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a thuiscint mar ghníomhaíochtaí díobhálacha do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil dlínse ag OIPE ina leith. Mar sin féin, is faoi na Ballstáit atá sé fós na gníomhaíochtaí sin a aicmiú mar choireanna agus gnéithe na gcoireanna sin a shainiú ina ndlí náisiúnta.

19. Ina theannta sin, ní rialaíonn Rialachán OIPE ach nósanna imeachta OIPE go páirteach. I ngach cás nach ann do rialacha an Aontais, ní chinntear leis an Rialachán sin ach na rialacha de chuid na mBallstát a bhfuil feidhm acu.[11]

20. Dá bhrí sin, is comhlacht aonair doroinnte é OIPE go deimhin, ach feidhmíonn sé gan dlí coiriúil substainteach coiteann ná dlí coiriúil nós imeachta coiteann. Braitheann na saincheisteanna sin den chuid is mó ar dhlíthe na mBallstát, agus d'fhéadfadh éagsúlachtaí a bheith idir na Ballstáit ó thaobh na réiteach a ghlacann siad. Is fachtóirí tábhachtacha iad aonmheanma OIPE, ar thaobh amháin, agus a spleáchas ar dhlíthe náisiúnta, ar an taobh eile, maidir le léiriú Rialachán OIPE.

21. Ní raibh an bealach chuig bunú OIPE éasca ná tapa. Tar éis na mblianta ullmhúcháin,[12] agus an togra bunaidh a théann siar go dtí 2013[13] nár tháinig ar chomhaontú d'aon toil, bunaíodh OIPE ar deireadh mar shásra comhair fheabhsaithe faoi Airteagal 20(2) CAE agus Airteagal 329(1) CFAE. Ní raibh an tionscadal nua inghlactha do na Ballstáit uile, áfach, agus, dá bhrí sin, ní raibh gach ceann acu rannpháirteach ann.[14]

22. Bhí deacracht ar leith ag baint le bearta imscrúdaithe trasteorann sa chaibidlíocht as ar eascair glacadh Rialachán OIPE.[15]

8 Oibríonn OIPE trí líonra ionchúisitheoirí Eorpacha ar leibhéal an Aontais (i Lucsamburg) faoi cheannas an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh. Tá OIPE comhdhéanta d'Ionchúisitheoirí Eorpacha, de Dhlísheomraí Buana (a dhéanann faireachán agus stiúradh ar imscrúduithe agus a chinntíonn comhleanúnachas ghníomhaíochtaí OIPE), agus Coláiste na nIonchúisitheoirí Eorpacha (comhdhéanta d'Ionchúisitheoir Eorpach amháin ó gach Ballstát). Is éard atá sa leibhéal díláraithe Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha (ITEnna) ó gach Ballstát rannpháirteach.

9 Airteagal 8(1) de Rialachán OIPE.

10 Féach Airteagal 86(2) CFAE agus Airteagal 4 de Rialachán OIPE.

11 Féach Airteagal 5(3) de Rialachán OIPE.

12 Féach, go háirithe, Corpus Juris 2000, Páipéar Uaine maidir le cosaint an dlí choiriúil do leasanna airgeadais an Chomhphobail agus bunú Ionchúisitheora Eorpaigh, COM(2001) 715 final ("togra Fhlórans"). Obair leantach ab ea an Corpus Juris ar Corpus Juris 1997 ("Forálacha pionósacha a thabhairt isteach chun críche leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh", Ed. Economica Paris, 1997) arna sheachadadh ag grúpa saineolaithe a ceapadh ag an gcruinniú d'Uachtaráin na gCumann Eorpach um an Dlí Coiriúil in Ollscoil Urbino (an Iodáil) in 1995. Ba é an príomhthogra in Corpus Juris ná limistéar dlí aonair a chruthú, lena rialaítear an dlí coiriúil substainteach agus an dlí coiriúil nós imeachta araon, lena n-áirítear togra chun Ionchúisitheoir Poiblí Eorpach a chruthú. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach <https://www.eppo.europa.eu/en/background>.

13 Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, COM(2013) 534 final ("Togra 2013").

14 Is iad an Ungáir, an Pholainn agus an tSualainn na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach. Tá rogha gan bheith páirteach ag an Danmhairg agus ag Éirinn ón limistéar saoirse, slándála agus ceartais (AFSJ).

15 Herrnfeld, H.H., "Airteagal 31", in Herrnfeld, H.H., Brodowski, D., agus Burchard, C. (eag.), *European Public Prosecutor's Office. Article-by-Article Commentary*, Bloomsbury Publishing, 2020, lch. 300.

23. Sa Togra ón mbliain 2013, liostaítear 21 bheart imscrúdaithe éagsúla in Airteagal 26. I gcás 10 gcinn díobh sin, lena n-áirítear cuardach a dhéanamh in áitribh, atá i gceist sa chás seo, bheadh gá le húdarú ó údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na bearta imscrúdaithe sin le déanamh. [16]

24. Mar fhreagra ar an togra sin, chuir 14 pharlaimint náisiúnta tuairimí réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin, rud a spreag an sásra um rialú coimhdeachta faoi Airteagal 7(2) de Phrótacal Uimh. 2. [17] Ina dtuairimí réasúnaithe, chuir roinnt parlaimintí náisiúnta in iúl gur cúis imní dóibh go n-ísleofaí caighdeáin nós imeachta dá liostófaí bearta imscrúdaitheacha, agus, ós rud é nach ann do roinnt beart imscrúdaitheach i ndlí náisiúnta roinnt Ballstát, nach n-áiritheofaí an leibhéal cosanta is gá maidir le cearta bunúsacha. [18]

25. Sa deireadh, diúltaíodh don togra sin [19] agus tíolacadh roinnt frith-thograí. Is díol spéise ar leith é an togra a thíolaic toscaireachtaí na hOstaire agus na Gearmáine go comhpháirteach do na himeachtaí reatha. [20]

26. Chuir toscaireacht na Gearmáine na barúlacha scríofa seo a leanas isteach: [21] "Níl coincheap reatha Airteagal 26a áititheach agus teastaíonn athbhreithniú breise chun go mbeidh sé inghlactha. Beidh córas inoibrithe agus éifeachtúil ag teastáil uainn a fheidhmeoidh ar a laghad chomh maith le comhar trasteorann ar bhonn MLA [cúnamh dlíthiúil frithpháirteach] agus nósanna imeachta um aitheantas frithpháirteach. Mar a míníodh san am atá caite: creidimid gur cheart dúinn córas a bhunú a úsáideann coincheap an aitheantais fhrithpháirtigh (EIO) mar phointe tosaigh agus coigeartuithe a dhéanamh sa chás go bhfuil sé sin oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an smaoineamh go mbeidh 'oifig aonair' ann".

27. Dá bhrí sin, bhí togra coiteann na hOstaire agus na Gearmáine ina scáthán ar réitigh aitheantais fhrithpháirtigh na Treorach maidir le hOrdú Imscrúdaithe Eorpach: [22] "I gcás inar gá beart a dhéanamh i mBallstát seachas Ballstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh láimhseála, ordóidh an Ballstát sin an beart i gcomhréir le dlí Bhallstáit an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh láimhseála agus, i gcás inar gá, déanfaidh sé iarratas ar údarú breithiúnach ina leith, nó iarrfaidh sé ordú cúirte don bheart". [23]

28. Theip ar an togra comhpháirteach sin a bhealach a dhéanamh isteach i dtéacs deiridh Rialachán OIPE freisin.

[16] Féach, ina leith sin, míreanna 4 agus 5 d'Airteagal 26 de Thogra 2013: "4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na bearta imscrúdaitheacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (j) de mhír 1 faoi réir údarú ó údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad le déanamh", agus "5. Beidh na bearta imscrúdaitheacha dá dtagraítear i bpointí (k) go (u) de mhír 1 faoi réir údarú breithiúnach má cheanglaítear sin le dlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an beart imscrúdaithe le déanamh" [Aistriúchán neamhoifigiúil].

[17] Prótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm (IO 2008 C 115,, lch. 206).

[18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig na parlaimintí náisiúnta maidir leis an athbhreithniú ar an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh i ndáil le prionsabal na coimhdeachta, i gcomhréir le Prótacal Uimh. 2 COM (2013) 0851 final, lch. 9.

[19] Herrnfeld, fonóta 15, lch. 291.

[20] Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – Barúlacha scríofa ó thoscaireachtaí na hOstaire agus na Gearmáine, Comhad Idirinstitiúideach: 2013/0255 (APP), DS 1237/15, 21 Aibreán 2015.

[21] Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – Barúlacha scríofa ó thoscaireacht na Gearmáine, Comhad Idirinstitiúideach: 2013/0255 (APP), DS 1234/15, 21 Aibreán 2015.

[22] Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO 2014 L 130, lch. 1) ("Treoir OIE").

[23] Mhol na barúlacha scríofa ón Ostair agus ón nGearmáin freisin: "I gcás ina n-éilítear údarú breithiúnach nó ordú cúirte chun an beart a aithint le dlí Bhallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh, cuirfidh sé/sí an t-ordú agus, i gcás inarb infheidhme, an t-údarú breithiúnach a ghabhann leis, faoi bhráid údarás breithiúnach inniúil a Bhallstáit nó a Ballstáit lena aithint".

29. Is amhlaidh gur chruthaigh an toradh reachtach a roghnaíodh in Airteagal 31(3) reatha de Rialachán OIPE, go díreach na fadhbanna ar thug toscaireacht na Gearmáine rabhadh fúthu i ndáil le tograí níos luaithe.[24] Ní shonraítear go soiléir ann cén dlí Ballstáit lena gcinntear an bhfuil gá le réamhúdarú breithiúnach chun beart a fhorghníomhú, ná cén chúirt atá freagrach as údarú den sórt sin a dheonú. Dá réir sin, tugann an cás seo léiriú follasach ar na saincheisteanna sin.

30. Mar sin féin, d'fhormhuinigh na toscaireachtaí uile saincheist amháin le linn an nós imeachta reachtach: ba cheart do Rialachán OIPE a bheith níos simplí ná an méid a bhí i gceist le Treoir OIE, a bhí, tráth a tugadh isteach í, ina hionstraim nua comhair in ábhair choiriúla, i bhfianaise aonmheanma OIPE mar chomhlacht.[25]

B. Na bóithre léiritheacha atá romhainn

31. Tá Rialachán OIPE ina thost maidir leis an ngá atá le réamhúdarú breithiúnach le haghaidh bearta imscrúdaithe trasteorann; fágtar sin faoi dhlíthe coiriúla na mBallstát. Is é an rud is mó a bhfuil fadhb ag baint leis ná an staid ina n-éilítear réamhúdarú breithiúnach faoi dhlíthe náisiúnta i mBallstáit an ITE láimhseála agus chúnta araon. Mínítear in aithris 72 de Rialachán OIPE gur cheart a shonrú go soiléir san ionstraim sin cén Ballstát inar cheart an t-údarú a fháil, ach nár cheart ach údarú amháin a bheith ann in aon chás. Ar cuireadh an gealltanas sin in iúl in Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE, agus conas a cuireadh in iúl é?

32. Thairg rannpháirtithe sa chás seo dhá rogha léiritheacha fhreasúracha den fhoráil sin.

33. Sula ndéanfaidh mé cur síos agus measúnú ar a seasaimh, is dóigh liom gur gá dearcadh a lua a chuir mé in iúl in áiteanna eile cheana féin.[26] Is é mo thuairim nach bhfuil léiriú litriúil mar sin ann mar go mbíonn focail leabaithe i gcónaí i gcomhthéacs. Ar ndóigh, bíonn focail i rialacha dlí ábhartha do bhreithiúna toisc go gcuirtear an dlí in iúl i bhfocail den chuid is mó. Bíonn breithiúna faoina dtreoir agus faoi shrian acu.[27] Mar sin féin, braitheann a mbrí, lena n-áirítear i ngníomhartha dlí, ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear iad. Dá bhrí sin, tá sé deacair, mura bhfuil sé dodhéanta, léiriú litriúil a scaradh ó léiriú comhthéacsúil.

[24] Chuir na barúlacha scríofa ón nGearmáin leis: "Chun cúpla príomhcheist a chur in iúl: Ní mór téacs Airteagal 26a a bheith soiléir faoi cé a dhéanfaidh an cinneadh beart a ordú nó a iarraidh go n-ordóidh cúirt beart agus cad é an dlí is infheidhme chun bearta den sórt sin a ordú/a iarraidh. Is cosúil go bhfágann an téacs reatha an cheist sin oscailte nó, b'fhéidir go dtugtar rogha don ITE láimhseála: ní shoiléiríonn an téarma "sannadh" i mír 1 cé hé an duine a dhéanann an cinneadh beart a ordú". Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – Barúlacha scríofa ó thoscaireacht na Gearmáine, Comhad Idirinstitiúideach: 2013/0255 (APP), DS 1234/15, 21 Aibreán 2015. Féach freisin Treoirlínte Choláiste OIPE a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2017/1939, Cinneadh 006/2022 ón gColáiste, lch. 4, pointe 8 ("Ina theannta sin, ní thugtar aghaidh go sainráite in Airteagal 31(3) ar chásanna ina n-éilítear údarú breithiúnach le dlí Bhallstát an ITE láimhseála agus le dlí Bhallstát an ITE chúnta").

[25] Féach Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – Saincheisteanna eile. Uachtaránacht na Comhairle 12344/16, 20 Meán Fómhair 2016, lch. 5.

[26] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Ćapeta in *Rigall Arteria Management* (C-64/21, EU:C:2022:453, mír 43).

[27] Fiú amháin na scoláirí is díograisí i staidéar criticiúil dlí, d'admhódh siad go gcuireann rialacha dlí, mar atá siad dréachtaithe, srian ar léiriú breithiúnach. Féach, mar shampla, Kennedy, D., *A Critique of Adjudication (fin de siècle)*, Harvard University Press, Cambridge, Massachusetts, 1997, lch. 13.

34. Maidir le léiriú comhthéacsúil, tuigeann an Chúirt é ar bhealaí éagsúla. Go coitianta, tagraíonn an Chúirt do na forálacha a bhaineann leis an gceann a bhfuil a léirmhíniú á lorg nó don doiciméad ina iomláine.[28] Mar sin féin, mheas an Chúirt freisin go bhfuil an stair reachtach ábhartha don chomhthéacs agus forálacha dhlí príomha[29] agus tánaisteach an Aontais á léiriú aici.[30] Ar deireadh, uaireanta cuirtear an réaltacht shóisialta ábhartha san áireamh chun rialacha dlíthiúla a thuiscint.[31] Bíonn tionchar ag rogha an chomhthéacs ábhartha, agus ag an gcaoi a léirítear an comhthéacs sin, ar thuiscint na foclaíochta ar fhoráil ar leith. Tá sé sin le feiceáil in argóintí na rannpháirtithe sna príomhimeachtaí.

1. Rogha a haon: Athbhreithniú iomlán i mBallstát an ITE chúnta

35. Áitíonn Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine, má éilíonn dlí náisiúnta an ITE chúnta údarú breithiúnach roimh ré chun críocha beart imscrúdaitheach a dhéanamh, gur cheart athbhreithniú iomlán a dhéanamh mar chuid den údarú sin. Áirítear leis sin ní hamháin an nós imeachta (forghníomhú an bhirt), ach freisin gnéithe substainteacha lena dtugtar bonn cirt leis an mbeart ar an gcéad dul síos. Dá bhrí sin, is faoi chúirt Bhallstát an ITE chúnta a mheas ar comhlíonadh an leibhéal amhrais is gá go ndearnadh coir; an mbeadh an fhianaise is gá le haghaidh ionchúisimh mar thoradh ar an mbeart imscrúdaitheach atá á lorg; agus an bhféadfaí an fhianaise chéanna a fháil trí bheart nach bhfuil chomh hionrach céanna.

36. Bhí Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine ag brath den chuid is mó ar théacs Airteagal 31 de Rialachán OIPE, téacs atá soiléir, dar leo. D'áitigh an dá rialtas gurb é foclaíocht forála dlí an uirlis léiritheach is tábhachtaí. Má tá an fhoclaíocht soiléir, ní féidir leis na cúirteanna imeacht uaithi.

37. Dar leo, tá teorainneacha le léiriú cruthaitheach ag an gCúirt. Dhéanfadh léiriú atá éagsúil leis an léiriú a leanann go soiléir ó fhoclaíocht litriúil théacs reatha Airteagal 31 de Rialachán OIPE teorainneacha an léirithe bhreithiúnaigh inghlactha a shárú. Bheadh sé contrártha freisin leis an gceanglas maidir le deimhneacht dhlíthiúil. I bhfocail ionadaí Rialtas na Gearmáine, ní siopa deisiúcháin í an Chúirt Bhreithiúnais do tháirgí lochtacha. Ina áit sin, ba cheart an táirge lochtach a chur ar ais chuig an monaróir chun feabhas a chur air, inár gcás, chuig an reachtóir.

2. Rogha a Dó: leithroinnt shoiléir cúraimí laistigh den údarú breithiúnach

38. Áitíonn OIPE, an Coimisiún, agus Rialtais na Fraince, na Rómáine agus na hÍsiltíre, contrártha do Rogha a hAon, má éilíonn dlí Bhallstát an ITE chúnta údarú breithiúnach ar bheart imscrúdaitheach, nach bhféadfaidh athbhreithniú a bheith i gceist le húdarú den sórt sin ach

[28] Mar shampla, i mbreithiúnas an 28 Eanáir 2020, *an Coimisiún* v *an Iodáil (an Treoir maidir le híocaíocht dhéanach a chomhrac)* (C-122/18, EU:C:2020:41, mír 43) (airteagal amháin a léiriú i gcomhthéacs an chinn ina dhiaidh sin); an 8 Nollaig 2020, *Staatsanwaltschaft Wien (Orduithe aistrithe falsaithe)* (C-584/19, EU:C:2020:1002, míreanna 56 go 69) (foráil a léirmhíniú i gcomhthéacs airteagail tosaigh treorach agus a haithrisí); agus an 24 Feabhra 2022, *Namur-Est Environnement* v *Région wallonne* (C-463/20, EU:C:2022:121, mír 46) (lena léirítear foráil i ndáil leis an Treoir atá i gceist ina hiomláine).

[29] Mar shampla, i mbreithiúnas an 10 Nollaig 2018, *Wightman agus páirtithe eile* (C-621/18, EU:C:2018:999, mír 47); an 27 Samhain 2012 agus *Pringle* (C-370/12, EU:C:2012:756, mír 135).

[30] Mar shampla, i mbreithiúnas an 10 Márta 2021, *Ordine Nazionale dei Biologi agus páirtithe eile* (C-96/20, EU:C:2021:191, míreanna 26 go 27); an 13 Deireadh Fómhair 2022, *Rigall Arteria Management* (C-64/21, EU:C:2022:783, mír 31).

[31] Ar an bpointe seo, féach breithiúnas an 17 Aibreán 1986, *Reed* (59/85, EU:C:1986:157, mír 15) (i gcás inar chinn an Chúirt nach n-áirítear comhpháirtí neamhphósta leis an téarma "céile" in éagmais aon léiriú ar fhorbairt shóisialta ghinearálta). Chonacthas an téarma céanna ar bhealach difriúil 32 bhliain ina dhiaidh sin, i dtuairim an Abhcóide Ghinearálta Wathelet in *Coman agus páirtithe eile* (C-673/16, EU:C:2018:2, míreanna 56 go 58) (i gcás ina ndéanann sé anailís ar na forbairtí a bhaineann leis an tuiscint ar choincheap an "chéile", chun a léiriú go dtuigeann líon méadaitheach Ballstát é mar phósadh comhghnéis san áireamh).

amháin ar na gnéithe foirmiúla agus nós imeachta a bhaineann le forghníomhú an bhirt. Dá réir sin, tá leithroinnt shoiléir cúraimí i Rialachán OIPE idir cúirteanna Bhallstáit an ITE láimhseála agus cúnta faoi seach. Is léir sin má léitear Airteagal 31(3) i gcomhthéacs Airteagal 31 ina iomláine.

39. Má éilíonn dlíthe Bhallstáit an ITE láimhseála agus an ITE chúnta araon údarú breithiúnach, tá dhá údarú le heisiúint. D'údaródh cúirt Bhallstát an ITE láimhseála an beart má mheasann sí go bhfuil údar cuí leis, ach d'údaródh cúirt Bhallstát an ITE chúnta módúlachtaí nós imeachta a fhorghníomhaithe.

40. Tá cumhachtaí athbhreithnithe chúirt Bhallstát an ITE chúnta teoranta do ghnéithe nós imeachta d'fhorghníomhú an bhirt amháin, fiú i gcás nach n-éilíonn dlí Bhallstát an ITE láimhseála réamhúdarú breithiúnach i gcás intíre inchomparáide. Ar an gcaoi sin, dhéanfaí dlí Bhallstát an ITE láimhseála, lena rialaítear bonn cirt an bhirt de réir Airteagal 31(2), a urramú ina rogha gan réamhúdarú breithiúnach a éileamh maidir le bonn cirt an bhirt.

C. Ceisteanna na cúirte a rinne an tarchur a fhreagairt

1. Comparáid a dhéanamh idir an dá rogha léiritheacha

41. Tairgeann an dá rogha torthaí léiritheacha éagsúla agus comheisiacha. Measaim go dtugann na hargóintí seo a leanas a rinne siad chun tacú leis na roghanna sin, nuair a chuirtear iad laistigh dá gcreataí léiritheacha roghnaithe, dhá léiriú atá chomh hinghlactha lena chéile ar Rialachán OIPE. Ag an am céanna, baineann míbhuntáistí agus neamhréireachtaí áirithe leis an dá léiriú. Sa mhéid atá le teacht, cuirfidh mé iad i gcodarsnacht lena chéile i dtaca le gach ceann de na modhanna léirithe a d'úsáid siad.

(a) Téacs

42. De réir Rialtas na hOstaire, a bhfuil a argóintí luaite ag an nGearmáin, tá Airteagal 31 de Rialachán OIPE soiléir. Cinntear i mír 2 de go bhfuil an bonn cirt agus glacadh birt imscrúdaithe le rialú ag dlí náisiúnta Bhallstát an ITE láimhseála. Mar sin féin, athraíonn mír 3 an dlí is infheidhme ansin má theastaíonn údarú breithiúnach ó dhlí Bhallstát an ITE chúnta. I gcás den sórt sin, luaitear go soiléir sa chéad abairt d'Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE go rialaíonn dlí Bhallstát an ITE chúnta cumhachtaí agus oibleagáidí na cúirte a eisíonn an t-údarú.

43. Tugtar an t-aon eisceacht sa tríú habairt d'Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE, a bhfuil feidhm aici nuair nach gá údarú a thabhairt faoi dhlí Bhallstát an ITE chúnta, ach go n-éilíonn dlí Bhallstát an ITE láimhseála é. I gcás den sórt sin amháin, braitheann údarú breithiúnach ar dhlí náisiúnta an ITE láimhseála. Is léir freisin gur eisceacht é an cás seo ar an riail shoiléir go bhfuil dlí Bhallstát an ITE chúnta le cur i bhfeidhm, ó rogha na bhfocal "mar sin féin" ag tús na habairte sin. [32]

44. Os a choinne sin, de réir lucht tacaíochta Rogha a Dó, réitíonn an chéad abairt d'Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE, go soiléir, cé na cúirteanna is gá dóibh údarú breithiúnach a dheonú agus cad ina thaobh, in dhá chás a d'fhéadfadh a bheith ann: i gcás ina n-éilítear údarú den sórt sin le dlíthe Bhallstát an ITE láimhseála agus ITE chúnta araon, agus sa chás nach n-éilíonn dlí

[32] Ag an éisteacht, d'admhaigh OIPE freisin go gcuireann úsáid na bhfocal "mar sin féin" le castacht an ábhair maidir le léirmhíniú Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE.

Bhallstát an ITE láimhseála réamhúdarú breithiúnach, ach go n-éilíonn dlí Bhallstát an ITE chúnta sin. Sa dá chás, ní féidir le cúirt Bhallstát an ITE chúnta athbhreithniú a dhéanamh ach ar shaincheisteanna a bhaineann le forghníomhú an bhirt.

45. Leis an tríú habairt d'Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE, rialaítear an cás féideartha atá fágtha, cás nach n-éilíonn dlí Bhallstát an ITE chúnta údarú breithiúnach birt, ach ina n-éilíonn dlí náisiúnta an ITE láimhseála sin. Sa chás sin, beidh ar chúirt Bhallstát an ITE láimhseála údarú a eisiúint, lena gcumhdófar an bonn cirt atá leis agus forghníomhú an bhirt araon.

46. Chuir an Coimisiún in iúl freisin go soiléirítear le foclaíocht Airteagal 32 de Rialachán OIPE go mbaineann na gnéithe forghníomhaithe agus nós imeachta a bhaineann leis an mbeart iarrtha le dlí Bhallstát an ITE chúnta.

(b) Comhthéacs

47. Chun bunús a thabhairt lena áitiú go bhfuil foclaíocht Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE soiléir, dhírigh Rialtas na Gearmáine ar a comhthéacs is gaire. D'áitigh sé go mbeadh an tríú habairt d'Airteagal 31(3) gan feidhm dá mba rud é, de réir léamh an Choimisiúin, gurbh é Airteagal 31(2) an phríomhriail maidir le leithroinnt na gcúraimí a rialáil ó thaobh údaruithe breithiúnacha de. Dá mbeadh sé sin amhlaidh, bheadh sé soiléir i gcónaí gurb é dlí Bhallstát an ITE láimhseála a rialaíonn an gá atá le húdarú breithiúnach a thabhairt do bheart imscrúdaitheach ar leith. Dá bhrí sin, ní bheadh ciall ar bith leis an rud céanna a athrá sa tríú habairt d'Airteagal 31(3). Níl ciall leis an bhforáil sin ach amháin má athraíonn sí an riail a chuirtear in iúl in Airteagal 31(2) i gcás ina n-éilítear údarú breithiúnach freisin le dlí Bhallstát an ITE chúnta.

48. Bhí Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine araon ag brath freisin ar aithris 72 de Rialachán OIPE mar chomhthéacs léiritheach ábhartha. Is é a dtuairim nach féidir go gcuirtear in iúl leis an áitiú ar údarú breithiúnach aonair arna shloinneadh san aithris sin, arna léamh in éineacht le hAirteagal 31(3), ach gurb é dlí Bhallstát an ITE chúnta lena gcinntear an gá atá le húdarú breithiúnach agus an comhthéacs ina leith. Ní bheadh leithroinnt údaraithe bhreithiúnaigh i gcúraimí éagsúla idir cúirteanna Bhallstáit na ITEnna láimhseála agus cúnta i gcomhréir leis an gcinneadh gan ach údarú breithiúnach amháin a bheith ann.

49. De réir an Choimisiúin, agus tá an seasamh céanna á thacú go substaintiúil ag gach togróir Rogha a Dó, leanann Airteagal 31 de Rialachán OIPE ina iomláine cróineolaíocht imscrúdaithe. Leagtar amach ann na cúraimí éagsúla do ITEnna láimhseála agus cúnta agus do chúirteanna náisiúnta a mBallstát. Go ginearálta, leagtar amach i mír 1 leithroinnt na gcúraimí idir an dá ITE.

50. Tá mír 2 d'Airteagal 31 lárnach, dar leis an gCoimisiún. Luaitear go soiléir inti go rialaíonn dlí Bhallstát an ITE láimhseála an bonn cirt atá le beart imscrúdaithe agus glacadh birt imscrúdaithe. Ciallaíonn sé sin freisin, má éilíonn dlí Bhallstát an ITE láimhseála réamhúdarú breithiúnach, gur faoi chúirt an Stáit sin atá sé a mheas an bhfuil bonn cirt leis an mbeart agus an bhfuil gá leis i gcomhthéacs an imscrúdaithe shonraigh.

51. Chuir an Coimisiún i bhfios go láidir freisin go bhfuil mír 2 d'Airteagal 31 ina tost maidir le forghníomhú an bhirt. Is ábhar é sin d'Airteagal 32 de Rialachán OIPE, lena bhforáiltear gur cheart an forghníomhú a rialú le dlí Bhallstát an ITE chúnta.

52. Le mír 3 d'Airteagal 31, arb í an t-aon fhoráil í a dhéileálann go sainráite le húdarú breithiúnach, ní athraítear, i dtuairim an Choimisiúin, an dlí is infheidhme maidir leis an údarú sin, rud atá contrártha leis an argóint a thíolaic Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine. Ina ionad sin, ba cheart a mheas go bhfuil sé faoi réir mhír 2 d'Airteagal 31. Dá bhrí sin, ní rialaítear le mír 3 den fhoráil chéanna an t-athbhreithniú ar an údar atá leis an mbeart imscrúdaitheach, ós rud é gur ábhar a chumhdaítear le mír 2 iad na saincheisteanna sin.

53. Baineann an chéad abairt de mhír 3, dar leis an gCoimisiún, le cás ina n-éilítear údarú breithiúnach le dlí Bhallstát an ITE chúnta. Más amhlaidh an cás, beidh ar chúirt an Bhallstáit sin an t-údarú a eisiúint sula ndéanfar an beart a fhorghníomhú. Agus an cinneadh sin á dhéanamh aici, áfach, ní mór don chúirt sin aird a thabhairt ar mhodh forghníomhaithe an bhirt imscrúdaithe iarrtha agus ní ar an údar a bhí leis.

54. Maidir le ról aithris 72 de Rialachán OIPE, d'admhaigh an Coimisiún nár cuireadh an dúil in aon údarú breithiúnach amháin in iúl go hidéalach in Airteagal 31 de. Mar sin féin, fiú má theastaíonn dhá údarú bhreithiúnacha i gcásanna áirithe, i bhfianaise leithroinnt shoiléir na gcúraimí, ní bheadh ach údarú amháin fós ag gach saincheist. Ar an gcaoi sin, sheachain lucht tacaíochta Rogha a Dó an chontrárthacht idir Airteagal 31(3) de réir mar a léirmhíníonn siad é agus aithris 72 de Rialachán OIPE. [33]

(c) Cuspóirí

55. Maidir le cuspóirí OIPE, d'admhaigh an Ostair agus an Ghearmáin araon go bhféadfadh deacrachtaí a bheith mar thoradh ar athbhreithniú iomlán i mBallstát an ITE chúnta. Chun bheith in ann cinneadh a dhéanamh an bhfuil bonn cirt leis an mbeart a iarradh, bheadh ar chúirt Bhallstát an ITE chúnta rochtain a bheith aici ar chomhad iomlán an cháis. Ós rud é go ndéantar an príomh-imscrúdú i mBallstát eile agus d'fhonn tús a chur le triail i gcúirt an Stáit sin má fhaightear dóthain fianaise, d'fhéadfadh comhad an cháis a bheith i dteanga eile. Tógfaidh a aistriúchán, a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun a chur ar chumas chúirt an ITE chúnta cinneadh a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna substainteacha a bhaineann le dlíthiúlacht an bhirt imscrúdaithe, am, mura bhfuil aon rud eile i gceist. [34] Go deimhin, d'fhágfadh sé sin go mbeadh imscrúduithe trasteorann OIPE níos deacra ná na himscrúduithe a dhéantar faoi Threoir OIE.

56. Níl toradh den sórt sin, mar a d'admhaigh an dá rialtas, i gcomhréir le cuspóir OIPE creat níos éasca fós a chruthú sa chomhrac i gcoinne coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais ná an ceann a bhí ann roimhe sin. Luaigh siad nár glacadh a dtogra sa phróiseas reachtach, ar an drochuair.

57. Chuir lucht tacaíochta Rogha a Dó i dtreis go raibh gá le OIPE a chruthú chun imscrúdú agus ionchúiseamh coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a dhéanamh níos éifeachtúla ná mar a bheadh dá ndéanfadh Ballstát amháin iad a ionchúiseamh. Dá bhrí sin, ba cheart do OIPE, mar chomhlacht aonair, na huirlisí is gá a bheith ar fáil dó chun an cuspóir a bhaint amach maidir le coireanna a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais a chomhrac go héifeachtúil. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an éifeachtúlacht mar threoir don léirmhíniú ar

[33] Chuir OIPE leis ag an éisteacht nach bhfuil luach normatach ag aithris 72 agus, dá bhrí sin, nár cheart di a bheith cinntitheach maidir le léiriú Airteagal 31.

[34] Luaigh OIPE ag an éisteacht go mbíonn na mílte leathanach i gcomhaid cháis uaireanta, a mbeadh aistritheoirí seachtracha ag teastáil ina leith, agus dá bhrí sin go gcuirfeadh sé costais shuntasacha le hoibriú OIPE agus go dtógfadh sé míonna nó fiú blianta le haistriú.

Airteagal 31 de Rialachán OIPE. I gcás ar bith, ní fhéadfaí a léiriú go bhfuil imscrúduithe trasteorann arna ndéanamh ag OIPE faoi réir coinníollacha atá níos troime ná an méid a cheanglaítear faoi Threoir OIE.

58. Dhírigh OIPE agus an Coimisiún tuilleadh ar ghné na héifeachtúlachta trí bhéim a leagan ar na deacrachtaí lóistíochta a bhaineann le méideanna móra doiciméad a bhaineann le comhad an cháis a aistriú chuig tír eile agus a aistriú go teanga eile.[35] Tacaíonn sé sin leis an argóint i bhfabhar an léirithe ar dá réir a dhéanfar measúnú ar údar an bhirt i mBallstát an ITE láimhseála amháin. Thairis sin, tá sé comhsheasmhach leis an bhfíric go mbeadh an t-ábhar go léir is gá chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh an t-údar atá leis an mbeart imscrúdaithe a chur de chúram ar dhlí Stát an ITE láimhseála agus a chúirteanna. Tar éis an tsaoil, is ón Stát sin a dhéantar an t-imscrúdú agus is dóichí go mbeadh an triail ar siúl os comhair a chúirteanna.[36]

59. Ar deireadh, chuir OIPE in iúl freisin na deacrachtaí a thiocfadh chun cinn dá dtiocfadh cúirteanna na mBallstát éagsúil ina ndéantar imscrúduithe trasteorann ar chinntí contrártha maidir le bonn cirt leis an mbeart. Leis an léiriú a mholtar, ar dá réir faoi dhlí Bhallstát an ITE láimhseála an t-údar atá leis an mbeart i gcónaí, cuirtear cosc ar chinntí contrártha fiú i gcás ina bhfuil baint ag líon ard Ballstát le fianaise a bhailiú do chás ar leith.

(d) Stair reachtach

60. Leag Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine araon béim ar an ngá atá ann an stair reachtach atá taobh thiar d'Airteagal 31 de Rialachán OIPE a chur san áireamh. Dar leis an Ostair, is léir ón stair sin go raibh formhór na mBallstát ar an eolas faoi na fadhbanna a thiocfadh chun cinn mar gheall ar an gcaidreamh contrártha idir an dara mír agus an tríú mír d'Airteagal 31 de Rialachán OIPE. Mar sin féin, níor glacadh le togra comhpháirteach Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine chun an fhadhb sin a shárú trí leas a bhaint as samhail an aitheantais fhrithpháirtigh i dtéacs deiridh Rialachán OIPE. Is léir, dá bhrí sin, nach gceanglaíonn Airteagal 31(3), mar a mhol lucht tacaíochta Rogha a Dó, ar chúirt Bhallstát an ITE chúnta aitheantas a thabhairt do chinneadh an ITE láimhseála go bhfuil gá le beart imscrúdaitheach i mBallstát an ITE chúnta. Ina ionad sin, ceanglaítear leis an bhforáil sin ar chúirt an Stáit ina bhfuil an beart le forghníomhú dlíthiúlacht an bhirt a sheiceáil, lena n-áirítear an bonn cirt atá leis.

61. Ag an éisteacht, thug an Coimisiún aghaidh ar chuid de na deacrachtaí a bhaineann le stair reachtach Rialachán OIPE agus shoiléirigh sé seasamh reatha an Choimisiúin. Mar mheabhrú, foráladh lena Thogra ón mbliain 2013, go bhfuil cúirt Bhallstát an ITE chúnta le tabhairt faoi athbhreithniú breithiúnach iomlán ar bhearta amhail cuardach agus urghabháil. Sa chás seo, glacann an Coimisiún seasamh difriúil anois.

62. Chun údar a thabhairt lena sheasamh reatha, mhínigh an Coimisiún gur dréachtaíodh Togra 2013 sular tháinig Treoir OIE i bhfeidhm. Foráiltear leis an Treoir sin gur faoin mBallstát eisiúna atá an bonn cirt le beart imscrúdaithe trasteorann agus nach bhféadfar agóid a dhéanamh ina choinne ach amháin i gcúirteanna an Bhallstáit sin.[37] D'fheidhmigh an réiteach sin go maith san ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh sin. Dá bhrí sin, cheap an Coimisiún gur maith an rud é nár ghlac na hinstitiúidí reachtacha lena thogra bunaidh gur cheart go mbeadh údarú breithiúnach ag

[35] Féach an fonóta 34 thuas.

[36] Foráiltear le Rialachán OIPE go bhféadfaí an Ballstát ina bhfuil an t-imscrúdú ar siúl a athrú go dtí go ndéanfar an cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh faoi Airteagal 26(5) (i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán OIPE).

[37] Aithris 22 agus Airteagal 14(2) de Threoir OIE. Cuireadh béim air sin freisin i mbreithiúnas an 11 Samhain 2021, *Gavanozov II* (C-852/19, EU:C:2021:902, mír 40).

brath ar dhlí Bhallstát an ITE chúnta amháin, agus ina ionad sin, gur leasaigh siad an togra sin le hAirteagal 31 de Rialachán OIPE mar atá ann inniu. Dá bhrí sin, leis an bpróiseas reachtach, cuireadh feabhas mór ar a thogra bunaidh agus tá sé níos iomchuí don mhéid is gá do chomhar in imscrúduithe trasteorann arna ndéanamh ag OIPE.

2. An léiriú a mholaim

63. I mbeagán focal, cuireann an dá rogha torthaí éagsúla ar fáil. Mar sin féin, tá comhthuiscint amháin ag baint leis an dá rogha: bhí sé i gceist go mbeadh córas OIPE ina shásra éifeachtúil sa chomhrac i gcoinne coireanna a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais. Áirítear leis sin sásra na n-imscrúduithe trasteorann. Tacaíonn Rialachán OIPE leis an gcuspóir reachtach sin. [38]

64. Éilíonn riail léiritheach a úsáideann an Chúirt "i gcás gur féidir léirmhínithe éagsúla a dhéanamh ar fhoráil de dhlí an Chomhphobail, ní mór tosaíocht a thabhairt don léiriú sin lena n-áirithítear go mbeidh an fhoráil fós éifeachtach". [39] Leis an riail léiritheach sin, taobhaítear le Rogha a Dó.

65. Mar sin féin, de réir Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine, fiú más inmhianaithe é go normatach, ní rogha léiritheach atá ar fáil é Rogha a Dó, ós rud é go bhfuil foclaíocht Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE soiléir.

66. Go deimhin, más rud é go bhfuil an fhoclaíocht soiléir, dá mbainfí tuiscint eile as, d'fhéadfaí a rá gur idirghabháil neamhdhlisteanach ag an gCúirt atá i gceist, i bhfocail eile, léiriú *contra legem*. Mar sin féin, an bhfuil foclaíocht Airteagal 31(3) chomh soiléir sin i ndáiríre?

67. Ní féidir a shéanadh go measann Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine gurb é an bhrí cheart atá le hAirteagal 31(3) ná gurb í cúirt Bhallstát an ITE chúnta an chúirt a eisíonn réamhúdarú chun cuardach agus urghabháil a fhorghníomhú sa Stát sin trí athbhreithniú iomlán a dhéanamh. Ní haon ionadh é gur chosain Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine a leithéid de léirmhíniú os comhair na Cúirte, toisc gur leasaigh an dá Stát a ndlíthe chun an léiriú sin ar Rialachán OIPE a chur san áireamh. [40] Mar sin féin, nuair a thugtar aghaidh ar an léiriú comhthráthach, chomh sochreidte céanna a thairgeann lucht tacaíochta Rogha a Dó, is léir nach bhfuil i Rogha a hAon ach ceann de na roghanna léiritheacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Faoi na Conarthaí, tá sé de chúram ar an gCúirt an rogha sin a dhéanamh. Má ghlacann an Chúirt le Rogha a Dó in ionad Rogha a hAon, ní féidir déileáil leis sin mar léiriú *contra legem*.

68. Is í an argóint is áitithí, dar liomsa, atá á tairiscint ag Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine, ná go bhfuil Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE imithe i léig faoi Rogha a Dó. Go deimhin, má luaitear in Airteagal 31(2) go bhfuil an bonn cirt leis an mbeart imscrúdaitheach á rialú ag dlí Stát an ITE láimhseála, agus má luaitear in Airteagal 32 go bhfuil forghníomhú an bhirt á rialú ag dlí Stát an ITE chúnta, cad é cuspóir Airteagal 31(3)? Ní dhéanann sé ach an t-idirdhealú céanna idir na dlíthe is infheidhme a athrá maidir le ceist an réamhúdaraithe bhreithiúnaigh. Is é sin le rá, dá scriosfaí Airteagal 31(3), thabharfadh an chuid eile d'Airteagal 31 arna léamh i gcomhar le

[38] Féach, mar shampla, Aithrisí 14, 20 agus 54, agus Airteagail 12(3) agus 34(3) de Rialachán OIPE.

[39] Mar shampla, breithiúnas an 24 Feabhra 2000, *an Coimisiún v an Fhrainc* (C-434/97, EU:C:2000:98, mír 21).

[40] Féach míreanna 7 agus 8 thuas.

hAirteagal 32 an chonclúid chéanna dúinn a thairgeann Rogha a Dó mar an tuiscint cheart ar Airteagal 31(3). Dá bhrí sin, tugann Rogha a hAon brí éigin d'Airteagal 31(3), atá éagsúil le forálacha eile de na hAirteagail chéanna agus de na hAirteagail atá in aice leis.

69. Éilíonn riail léiritheach eile a úsáideann an Chúirt nach féidir neamhaird ghlan a dhéanamh den fhoclaíocht i rialacha dlí; ní mór brí éigin a thabhairt di.[41] Is cosúil go mbeadh an riail léiritheach sin i bhfabhar Rogha a hAon.

70. Mar sin féin, dar liomsa, is féidir brí a thabhairt d'Airteagal 31(3) a théann níos faide ná Airteagal 31(2) agus Airteagal 32 de Rialachán OIPE. Is foráil í a léiríonn rogha an dlíchórais is infheidhme go sonrach maidir le húdaruithe breithiúnacha birt arna shannadh, fiú dá mbainfí an toradh céanna amach tríd an dá fhoráil eile sin a chur i bhfeidhm. Is féidir gur ceapadh gur ghá an riail a bhaineann leis an dlí is infheidhme maidir le húdaruithe breithiúnacha a chur in iúl ar leithligh, mar gheall ar na deacrachtaí a bhain leis an tsaincheist bheacht sin a cuireadh i láthair le linn na gcaibidlíochtaí reachtacha. Dá bhrí sin, ní féidir iomarcaíocht Airteagal 31(3) a úsáid mar argóint i gcoinne glacadh le Rogha a Dó.

71. Má fhéachtar ar na hiarmhairtí a bhaineann le rogha léiritheach amháin nó rogha léiritheach eile na Cúirte, is léir go n-iompódh roghnú Rogha a hAon imscrúduithe trasteorann OIPE ina chóras nach mbeadh chomh héifeachtúil leis an gceann a bunaíodh faoi Threoir OIE. Dá bhrí sin, dá mba é toil an reachtóra córas níos éifeachtúla a chruthú, bheadh gá le leasú ar Rialachán OIPE chun imscrúduithe éifeachtúla trasteorann a chumasú dá nglacfaí Rogha a hAon. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí féachaint ar rogha na Cúirte maidir le Rogha a hAon mar chuireadh do reachtóir an Aontais chun freagairt. Dar le Rialtas na Gearmáine, ní bheadh ach a leithéid de réiteach ag teacht le riachtanais na deimhneachta dlíthiúla.

72. Mar sin féin, tá éiginnteacht dhlíthiúil ann toisc go bhfuil níos mó ná rogha léiritheach amháin ar fáil. A luaithe a shoiléireoidh an Chúirt an bhrí atá le hAirteagal 31(3) de Rialachán OIPE trí Rogha a hAon nó Rogha a Dó a roghnú, cuirfear deireadh leis an mearbhall dlíthiúil. Dá bhrí sin, ní dhealraíonn sé dom go bhfuil idirghabháil an reachtóra riachtanach chun deimhneacht dhlíthiúil a athbhunú.[42]

73. Fágann an méid roimhe seo go bhfuil mé den tuairim gur chóir don Chúirt Rogha a Dó a roghnú. Dá réir sin, ba cheart a thuiscint le hAirteagal 31(3) de Rialachán OIPE nach gceadaítear do chúirt Bhallstát an ITE chúnta athbhreithniú a dhéanamh ach ar na gnéithe a bhaineann le beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú, agus glacadh leis an measúnú ón ITE láimhseála go bhfuil bonn cirt leis an mbeart, cibé acu atá nó nach bhfuil an beart sin tacaithe ag réamhúdarú breithiúnach ó chúirt Bhallstát an ITE láimhseála. Níl an léiriú sin contrártha d'fhoclaíocht Airteagal 31(3) agus freagraíonn sé níos fearr do chuspóir Rialachán OIPE córas éifeachtúil a chruthú sa chomhrac i gcoinne coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

[41] Mar shampla, breithiúnas an 1 Aibreán 2004, *an Coimisiún* v *Jégo-Quéré* (C-263/02 P, EU:C:2004:210, míreanna 36 go 38).

[42] Os a choinne sin, dá nglacfadh an Chúirt le Rogha a Dó, bheadh gá le hidirghabháil ó reachtóirí na hOstaire agus na Gearmáine, ós rud é go bhfágfadh sé na dlíthe sin, a coigeartaíodh le Rogha a hAon, contrártha do Rialachán OIPE. Dúirt Rialtas na hOstaire ag an éisteacht go bhfuil sé ar an eolas faoi seo agus, ar ndóigh, go gcaithfí dlí an Stáit sin a ailíniú le dlí an Aontais dá gcinnfeadh an Chúirt Rialachán OIPE a léiriú ar bhealach difriúil. Dúirt an Rialtas sin arís, áfach, gurb é an léirmhíniú mar a léirítear ina dhlí an ceann ceart.

3. Cearta bunúsacha a chosaint – "níos mó ná" aitheantas frithpháirteach?

74. Gan amhras, is cuspóir tábhachtach de Rialachán OIPE iad imscrúduithe éifeachtúla trasteorann. Mar sin féin, ní féidir éifeachtúlacht a bhaint amach chun dochair do chosaint na gceart bunúsach. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh an Chúirt Rogha a Dó a roghnú mar léiriú cuí ar Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE ach amháin má ráthaíonn sí cosaint do chearta bunúsacha mar a cheanglaítear faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt").

75. D'fhéadfaí a thuiscint gur ábhar imní do chosaint na gceart bunúsach é áitiú Rialtais na hOstaire agus na Gearmáine gur cheart go dtabharfaí de chumhacht do chúirteanna Bhallstát an ITE chúnta athbhreithniú breithiúnach iomlán a dhéanamh. Tá córais chomhsheasmhacha dlí choiriúil bunaithe ag Ballstáit an Aontais. Tá cosaint na gceart bunúsach bunaithe go cúramach ina reachtaíocht i réimse an ionchúisimh choiriúil agus an phionósaithe coireanna, réimse ina bhfeidhmíonn Stáit a gcumhachtaí comhéigneacha, a dhéanann difear do shaol príobháideach agus saoirsí daoine aonair.

76. Dá bhrí sin, tá ráthaíochtaí bunúsacha maidir le cearta bunúsacha ag córais náisiúnta dlí choiriúil ina rialacha substainteacha nós imeachta den dlí coiriúil. Tá na rialacha sin idirspleách agus cosnaíonn siad cearta bunúsacha nuair a ghlactar leo ina n-iomláine.[43] Nuair a tharraingítear riail aonair siar ó chóras amháin agus nuair a chuirtear i gcóras eile í, áfach, d'fhéadfadh cosaint na gceart bunúsach laghdú: cé gur fheidhmigh an riail go maith ina creat dlíthiúil bunaidh, ní gá go ndéanfadh sí amhlaidh i gceann eile.[44]

77. Is é sin an fáth go n-ardaíonn spleáchas ar aitheantas frithpháirteach, rud a chiallaíonn nach n-aistrítear ach roinnt rialacha dlíthiúla de chuid córais dlí amháin isteach sa chóras eile, imní faoin lagú a d'fhéadfadh a bheith ann ar chosaint na gceart bunúsach.[45] Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil sraith chomhleanúnach rialacha ag dlí an Aontais Eorpaigh, mar atá sé inniu, lena rialaítear gach gné de choireanna a bhfuil dlínse ag OIPE ina leith, nó na rialacha nós imeachta lena rialaítear ionchúisimh OIPE,[46] is é prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh an chéad rogha eile is fearr chun bacainní ar imscrúduithe trasteorann a bhaint.

78. Dá bhrí sin, ní mór dom aghaidh a thabhairt ar na hargóintí atá ag lucht tacaíochta Rogha a Dó nach córas aitheantais fhrithpháirtigh é OIPE, ach gur *rud éigin níos mó* é. Dhéanfainn éileamh dá mhalairt: ní féidir le OIPE feidhmiú ach ar bhonn aitheantas frithpháirteach, fad nach bhfuil aon rialacha comhchoiteanna an Aontais Eorpaigh ann maidir le dlí coiriúil. Mar sin féin, tá difríochtaí idir leibhéil an aitheantais fhrithpháirtigh, agus d'fhéadfaí a mheas gurb é OIPE an ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh is forbartha i réimse an chomhair in ábhair choiriúla go fóill (fo-alt a).

[43] Allegrezza, S., agus Mosna, A., "Cross-border Criminal Evidence and the Future European Public Prosecutor: One Step Back on Mutual Recognition?", in Bachmaier Winter, L. (eag.), *The European Public Prosecutor's Office. The Challenges Ahead*, Springer, 2018, lch. 141 ag lch. 146.

[44] Le haghaidh píosa láidir ar thrasphlanduithe dlíthiúla agus greannaitheoirí dlíthiúla, féach Teubner, G., "*Legal irritants: Good Faith in British Law or How Unifying Law Ends Up in New Divergences*", iml. 61(1), Modern Law Review 1998, lch. 11.

[45] Féach, mar shampla, Allegrezza agus Mosna, thuas i bhfonóta 43, ag lgh. 145 agus 158 (ag cur béim ar na contúirtí do chearta bunúsacha a eascraíonn as, mar shampla, leibhéil éagsúla ráthaíochtaí nós imeachta agus rialacha nós imeachta maidir le bearta imscrúdúcháin a fhorghníomhú nó fianaise a bhailiú, ina ndéantar an argóint go bhfuil gá le ráthaíochtaí breise go háirithe a bhaineann le fianaise). Le haghaidh rabhadh luath maidir leis an tsaincheist chéanna, féach Kaiafa-Gbandi, M., "The Establishment of an EPPO and the Rights of Suspects and Defendants: Reflections upon the Commission's 2013 Proposal and the Council's Amendments", in Asp. P. (eag.), *The European Public Prosecutor's Office – Legal and Criminal Policy Perspectives*, Stifelsen Skrifter utgivna av Juridiska fakulteten vid Stockholms universitet, 2015, lgh. 245-246.

[46] Le haghaidh togra luath maidir le módúlachtaí ionchúisitheoir de chuid an Aontais Eorpaigh amach anseo, ina mbraitheann a rath ar chomhchuibhiú an dlí choiriúil shubstaintigh, féach Peers, S., "*Mutual recognition and criminal law in the European Union: Has the Council got it wrong*?", iml. 41, Common Market Law Review, 2004, lch. 5 ag lch. 34.

79. Is í an cheist a eascraíonn as sin ná an ndéanann léiriú Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE mar a mholtar i mír 73 den Tuairim seo, atá bunaithe go páirteach ar aitheantas frithpháirteach, cearta bunúsacha daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe a choimirciú in imscrúduithe trasteorann. Beidh mé ag maíomh go bhfuil sé sin amhlaidh go deimhin, go háirithe nuair a chuirtear i gcóras níos leithne Rialachán OIPE (fo-alt b) é.

(a) Cineál an aitheantais fhrithpháirtigh in ábhair choiriúla

80. Sna barúlacha i scríbhinn agus ag an éisteacht, chuir na rannpháirtithe a dtuairimí in iúl maidir le haitheantas frithpháirteach. Baineadh úsáid as Treoir OIE mar shampla de shásra um aitheantas frithpháirteach, ach áitíodh gur *rud níos mó* é Rialachán OIPE. Nuair a fiafraíodh díobh ag an éisteacht cad is brí leis an *rud níos mó* seo go beacht, dhírigh na rannpháirtithe go príomha ar nádúr OIPE: is comhlacht aonair doroinnte é agus níor cheart go mbeadh a chinntí faoi réir féidearthacht neamhaitheantais (mar is féidir faoi Threoir OIE).[47]

81. Baineadh úsáid as an téarma "aitheantas frithpháirteach" chun cur síos a dhéanamh ar chás ina n-aithnítear cinneadh aonair (mar shampla, breithiúnas, barántas gabhála nó ordú imscrúdaithe) a eisíodh i mBallstát amháin i mBallstát eile. Ní éilíonn córas OIPE go *n-aithneoidh* Ballstát an ITE chúnta an iarraidh ar bheart imscrúdaithe ITE chun í a chur chun feidhme, arb é an ghnáthchéim atá le glacadh i dtaca le hionstraimí lena rialaítear nósanna imeachta coiriúla trasteorann. Dá bhrí sin, is é an argóint nach córas aitheantais fhrithpháirtigh é sásra OIPE, ach rud éigin níos mó.

82. Go deimhin, ós rud é gur comhlacht aonair é OIPE,[48] is cuid den chomhlacht sin iad a ionchúisitheoirí díláraithe. Bheadh sé aisteach dá n-iarrfaí ar chomhlacht amháin a chinntí féin a aithint. Dá bhrí sin, *sanntar beart* don ITE cúnta, ní cheanglaítear air ordú imscrúdaithe a aithint.

83. Mar sin féin, ní hé aithint doiciméid (agus a éifeachtaí dlíthiúla) de thionscnamh Ballstáit eile an bunús le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ach léiriú air amháin. Is é bunsmaoineamh phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh go n-aithnítear rialacha dlíthiúla Ballstáit amháin agus go dtugtar éifeacht dóibh i mBallstát eile, fiú má tá siad éagsúil leis na réitigh sa dara Stát sin. Teastaíonn leibhéal ard muiníne sa chóras "eile" sin chun glacadh leis an gcóras eile.

84. Ós rud é nach bhfuil réiteach reachtach AE ann faoi láthair ar an gceist amhail an ceann sa chás seo, i ngach cás trasteorann, ní mór do OIPE brath ar dhlíthe ceann de na Ballstáit lena mbaineann, agus don Bhallstát eile muinín a léiriú iontu.

[47] Le haghaidh argóint go bhfuil córas OIE i bhfeidhm níos simplí agus níos éifeachtúla ná réitigh rialála Rialachán OIPE, féach Allegrezza agus Mosna, a luadh thuas i bhfonóta 43, ag lgh. 155 go 156.

[48] I gcomparáid leis an smaoineamh ón Corpus Juris chun limistéar dlíthiúil aonair a chruthú, ar theip air é a dhéanamh le Rialachán OIPE, is rogha maolaithe é réiteach comhlachta aonair a bhféadfadh na Ballstáit rannpháirteacha teacht ar chomhaontú ina leith. Féach Mitsilegas, V., agus Giuffrida, F., "The European Public Prosecutor's Office and Human Rights", in Geelhoed, W., Erkelens, L.H. agus Meij, A.W.H. (eag.) *Shifting Perspectives on the European Public Prosecutor's Office*, TMC Asser Press, 2018, lch. 89.

85. Ba é úsáid an phrionsabail sin sa mhargadh inmheánach a spreag aitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla.[49] Mar mheabhrú, forbraíodh aitheantas frithpháirteach mar phrionsabal lárnach den mhargadh inmheánach mar a cruthaíodh leis na Conarthaí, i mbreithiúnas na Cúirte, *Cassis de Dijon*.[50] D'fhéadfaí é sin a dhéanamh toisc go raibh bunleibhéal áirithe inchomparáideachta idir na dlíthe náisiúnta a bhí i gceist.[51]

86. Bhí éifeacht an aitheantais fhrithpháirtigh sa mhargadh inmheánach dírialaitheach, agus leathnaigh sé cearta daoine aonair, chun dochar do shaoirse rialála an Stáit.[52]

87. Cé go n-éilíonn aitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla freisin go nglacfar le roghanna reachtacha an Bhallstáit eile, ní leanann sé loighic bheacht an phrionsabail sin mar a chuirtear i bhfeidhm é i gcomhthéacs an mhargaidh inmheánaigh. Is é cuspóir an aitheantais anseo cinntí breithiúnacha agus cinntí aonair ceannasacha eile de chuid na mBallstát, ina gcuirtear monaplacht fornirt Bhallstáit amháin i seirbhís i mBallstát eile.[53] Éiríonn an duine aonair ina ábhar, agus ní bheidh sé ina ghníomhaí a thuilleadh, de shaorghluaiseacht idir na Ballstáit.[54] Iompaíonn an dírialáil a leanann ó aitheantas frithpháirteach sa mhargadh inmheánach ina oibleagáid ar Bhallstát a mhonaplacht fornirt a úsáid go gníomhach in ábhair choiriúla.[55]

88. Chun go n-oibreoidh aitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla, tá gá le hardleibhéal muiníne frithpháirtí. Baineann an mhuinín sin le tiomantas an Stáit eile do chosaint ceart bunúsach is ábhar d'fhórsa comhéigneach an Stáit.[56]

[49] "[...] trí choincheapa a d'oibrigh go han-mhaith i gcruthú an Mhargaidh Aonair a ghlacadh, tháinig an smaoineamh chun cinn go bhféadfadh comhar breithiúnach tairbhe a bhaint as coincheap an aitheantais fhrithpháirtigh [...]" Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa. Aitheantas Frithpháirteach a thabhairt do Chinntí Críochnaitheacha in Ábhair Choiriúla. COM(2000) 495 final, an Bhruiséil, 26 Iúil 2000, lch. 2.

[50] Breithiúnas an 20 Feabhra 1979, *Rewe-Zentral* (120/78, EU:C:1979:42).

[51] Schmidt, S.K., "*Mutual Recognition as a New Mode of Governance*", *Journal of European Public Policy*, iml. 14(5), 2007 lch. 667, lch. 669; Peers S., "*Mutual Recognition and Criminal Law in the European Union: Has the Council Got It Wrong*?', Common Market Law Review, iml. 41(1), 2004, lch. 5, lch. 20.

[52] Schmidt, thuas i bhfonóta 51, ag lch. 672. Perišin, T., *Free Movement of Goods and Limits of Regulatory Autonomy in the EU and WTO*, T.M.C. Asser Press, 2008, lch. 23.

[53] Nicolaïdis, K., "*Trusting the Poles? Constructing Europe through Mutual Recognition*", *Journal of European Public Policy*, iml. 14(5), 2007, lch. 685.

[54] Peers, thuas i bhfonóta 51, ag lch. 24.

[55] Peers, a luadh thuas i bhfonóta 51, ag lch. 25.

[56] D'aithin an Chúirt an méid sin. Féach, mar shampla, Tuairim 2/13 (Aontú *an Aontais Eorpaigh le ECHR)* an 18 Nollaig 2014 (EU:C:2014:2454, mír 191), inar luaigh an Chúirt go n-éilíonn prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh "go háirithe maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gach ceann de na Stáit sin, ach amháin in imthosca eisceachtúla, a mheas go bhfuil na Ballstáit eile go léir ag comhlíonadh dhlí an Aontais agus go háirithe na gceart bunúsach a aithnítear le dlí an Aontais".

89. Is é seo túsphointe na n-ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh go léir, amhail Treoir OIE. Mar sin féin, fiú má tá gá le muinín fhrithpháirteach, ní féidir í a bhrú.[57] Dá bhrí sin, léiríonn ionstraimí muiníne frithpháirtí reatha leibhéal áirithe mímhuiníne freisin. Léirítear é sin sna rialacha lena gceadaítear neamhaitheantas in imthosca áirithe,[58] i gcomhchuibhiú gnéithe den nós imeachta coiriúil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh,[59] agus i bhforbairt an chásdlí ina leith sin.[60]

90. Sa chás seo, rinne na páirtithe tagairt do Threoir OIE chun difríochtaí agus cosúlachtaí an chórais aitheantais fhrithpháirtigh sin a phlé i gcomparáid le Rialachán OIPE. Is mian liom, dá bhrí sin, Treoir OIE a phlé go hachomair.

91. Achtaíodh Treoir OIE faoi Airteagal 82 CFAE chun imscrúduithe trasteorann a fheabhsú, agus tá sí bunaithe ar aitheantas frithpháirteach. Faoina córas, féadfaidh údarás[61] Ballstáit Ordú Imscrúdaithe Eorpach (OIE) a eisiúint nuair is gá sin chun imscrúdú a dhéanamh mar chuid den nós imeachta coiriúil intíre. Níl aon choinníoll ann nach mór don choir dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh: is é an t-aon rud atá tábhachtach ná gur gá beart imscrúdaithe a dhéanamh sa Bhallstát lasmuigh den Bhallstát ina bhfuil an príomh-imscrúdú ar siúl, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil píosa fianaise i seilbh údaráis inniúla an Bhallstáit fhorghníomhaithigh cheana féin.[62]

92. Féadfaidh údarás Ballstáit OIE a eisiúint faoi dhá choinníoll. Ar an gcéad dul síos, ní mór OIE a bheith riachtanach agus comhréireach chun críocha imeachtaí coiriúla agus cearta an duine amhrasta nó an duine chúisithe á gcur san áireamh, agus ar an dara dul síos, d'fhéadfaí an beart a luaitear in OIE a ordú faoi na coinníollacha céanna i gcás intíre comhchosúil.[63]

[57] Iglesias Sánchez, S., agus González Pascual, M., "Fundamental Rights at the Core of the EU AFSJ", in Iglesias Sánchez, S., agus González Pascual, M. (eag.), *Fundamental Rights in the EU Area of Freedom, Security and Justice*, Cambridge University Press, 2021, lgh. 8-9 (ag áitiú gur spreag ábhair imní maidir le cearta bunúsacha teorannú incriminteach muiníne frithpháirtí, atá infheicthe i bhforbairt chásdlí na Cúirte agus comhchuibhiú dearfach sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais).

[58] Féach, mar shampla, Airteagail 3, 4 agus 4a de Chinneadh Réime ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 lena leasaítear Cinntí Réime 2002/584/CGB, 2005/214/CGB, 2006/783/CGB, 2008/909/CGB agus 2008/947/CGB, lena ndéantar, ar an gcaoi sin, cearta nós imeachta daoine a fheabhsú agus cur i bhfeidhm phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chothú maidir le cinntí a dhéantar gan an duine lena mbaineann a bheith as láthair ag an triail (IO 2009 L 81, lch. 24); agus Airteagal 11 de Threoir OIE.

[59] Féach, mar shampla, Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO 2012 L 142, lch. 1). Féach freisin Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú agus den cheart chun bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 65, lch. 1).

[60] Maidir leis an gcásdlí lena gceadaítear bealaí breise gan Barántas Gabhála Eorpach a fhorghníomhú, féach breithiúnais an 5 Aibreán 2016, *Aranyosi agus Căldăraru* (C-404/15 agus C-659/15 PPU, EU:C:2016:198, míreanna 93 agus 94); agus an 15 Deireadh Fómhair 2019, *Dorobantu* (C-128/18, EU:C:2019:857, míreanna 52 agus 55).

[61] Faoi Airteagal 2(c) de Threoir OIE, féadfaidh sé gurb é "breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdúcháin nó ionchúisitheoir poiblí atá inniúil sa chás lena mbaineann" é an t-údarás eisiúna chomh maith le "aon údarás inniúil eile arna shainmhíniú ag an Stát eisiúna" nuair a dhéanann breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdúcháin nó ionchúisitheoir poiblí sa Stát eisiúna an OIE a bhailíochtú. Is coincheap níos leithne é seo ná an coincheap "údarás breithiúnach eisiúna" chun críocha an Bharántais Gabhála Eorpaigh, lena n-eisiatar ionchúisitheoir poiblí. Maidir leis an difríocht seo go sonrach, féach breithiúnas an 8 Nollaig 2020, *Staatsanwaltschaft Wien (Orduithe aistrithe falsaithe)* (C-584/19, EU:C:2020:1002, míreanna 74 agus 75).

[62] Airteagal 1(1) de Threoir OIE.

[63] Airteagal 6(1) de Threoir OIE.

93. Ní fhéadfar agóid a dhéanamh i gcoinne na gcúiseanna substainteacha sin chun OIE a eisiúint ach amháin i gcaingean arna tionscnamh sa Stát eisiúna.[64] Go hiomasach, is cosúil, dá bhrí sin, go mbaineann breithmheasanna substainte go heisiach leis an Stát eisiúna, réiteach a shimplíonn úsáid an OIE go suntasach agus a léiríonn ardleibhéal muiníne frithpháirtí. An amhlaidh atá i ndáiríre?

94. Ar an gcéad dul síos, foráiltear le hAirteagal 14(2) de Threoir OIE nach bhféadfar agóid a dhéanamh i gcoinne cúiseanna le OIE a eisiúint ach amháin sa Stát eisiúna, ach "gan dochar do ráthaíochtaí na gceart bunúsach sa Stát forghníomhaitheach" [Aistriúchán neamhoifigiúil].[65] Déantar é sin a fhorbairt tuilleadh in Airteagal 11(1)(f) de Threoir OIE, ar dá réir a fhéadfar OIE a dhiúltú sa Stát forghníomhaitheach más rud é "go bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh forghníomhú an bhirt imscrúdaithe a léirítear in OIE ar neamhréir le hoibleagáidí an Stáit fhorghníomhaithigh i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE agus leis an gCairt" [Aistriúchán neamhoifigiúil].[66] Ag brath ar léiriú an choincheapa "forais shubstaintiúla", is cosúil go gceadaíonn an fhoráil thuasluaite don Stát forghníomhaitheach urraim do chearta bunúsacha sa Stát eisiúna a rialú. Ina theannta sin, faoi Airteagal 10(3) de Threoir OIE, ceadaítear don údarás forghníomhaitheach an beart imscrúdaitheach a iarrann OIE a athrú, dá mbainfeadh an beart eile sin an toradh céanna amach ar mhodh nach mbeadh chomh hionrach céanna.

95. Bunaithe ar an bhforbhreathnú gairid a thugtar thuas, is deacair a mhaíomh go gcothaíonn Treoir OIE ardleibhéal muiníne frithpháirtí. Tá spás réasúnta leathan ann i gcónaí chun go mbeidh an t-údarás forghníomhaitheach in amhras faoi leibhéal cosanta na gceart bunúsach nó faoi chur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta sa Stát eisiúna.

96. I gcomparáid, mar shampla, le córas an Bharántais Gabhála Eorpaigh (BGE), ina bhfuil forais theoranta éigeantacha agus roghnacha chun a fhorghníomhú a dhiúltú, tugann Treoir OIE corrlach inlíochta níos mó don údarás forghníomhaitheach. I gcomparáid leis sin, is féidir linn tagairt a dhéanamh do chóras BGE mar chineál aitheantais fhrithpháirtigh beagán níos láidre. Níl ceachtar acu iomlán, toisc go ndíríonn siad fós ar chinntí aonair a aithint agus go bhfuil an fhéidearthacht ann fós diúltú sa Bhallstát forghníomhaitheach.[67]

97. Dá bhrí sin, is ceist chéime é an t-aitheantas frithpháirteach.

98. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfaí glacadh leis an argóint go bhfuil i gcóras OIPE *rud éigin níos mó* ná aitheantas frithpháirteach dá dtuigfí go bhfuil sé á rá go mbunaíonn córas OIPE leibhéal éagsúil, níos airde aitheantais fhrithpháirtigh.

99. Ach, ní féidir rud éigin *eile* a bheith i gceist le rud éigin *níos mó*. I bhfocail eile, ní féidir go gciallaíonn sé nach bhfuil córas OIPE ag brath ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, rud a éilíonn muinín i gcórais dlí Ballstát eile. Is é an prionsabal sin go beacht, atá fréamhaithe

64 Breithiúnas an 16 Nollaig 2021, *Spetsializirana prokuratura (Sonraí tráchta agus suímh)* (C-724/19, EU:C:2021:1020, mír 53) (i gcás inar leag an Chúirt béim nach féidir leis an údarás forghníomhaitheach athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh OIE leis na coinníollacha maidir lena eisiúint faoin Treoir, ós rud é go mbainfeadh sé sin an bonn den chóras muiníne frithpháirtí atá mar bhonn agus mar thaca ag an treoir sin murach sin).

65 Féach freisin aithris 22 de Threoir OIE.

66 Féach freisin aithris 19 de Threoir OIE.

67 Maidir le hargóint go bhfuil aitheantas frithpháirteach faoi dhlí an Aontais Eorpaigh teoranta sa chiall nach bhfuil aon ghlacadh uathoibríoch sa Bhallstát forghníomhaitheach, féach Möstl, M., "*Preconditions and Limits of Mutual Recognition*", Common Market Law Review, iml., 47(2), Kluwer Law International, 2010, lch. 405, ag lch. 412, 418, 420.

laistigh den chóras, a chumasaíonn glacadh le rialacha Ballstát eile, fiú má tá siad difriúil. Chun an prionsabal sin a chur i bhfeidhm, mar is amhlaidh i ngach ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh eile, is gá muinín a bheith ag na Ballstáit uile as cosaint na gceart bunúsach.

100. I mbeagán focal, ní coincheap aonadach é aitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla; tá céimeanna éagsúla aige thar shásraí éagsúla faoin limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

101. Má ghlacaimid leis go bhfuil céimeanna éagsúla ag baint le haitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla, is é Rialachán OIPE an píosa reachtaíochta is forásaí fós – ach fós ní aitheantas frithpháirteach iomlán é sin.[68] Is comhlacht aonair é OIPE agus go deimhin ní gá na bearta trasteorann sannta a *aithint*, ní gá ach iad *a chur chun feidhme* amháin. In éagmais comhchuibhithe, áfach, ní mór cearta bunúsacha daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe a ráthú i gcomhthéacs ina ngabhann OIPE chuige féin rialacha coiriúla substainteacha agus nós imeachta náisiúnta éagsúla, amhail i gcás imscrúduithe trasteorann.

(b) Ráthaíochtaí maidir le cearta bunúsacha i Rialachán OIPE

102. Ós rud é go bhfuil feidhm ag rialacha Ballstáit amháin maidir le húdarú breithiúnach beart imscrúdúcháin a dhéanfar i mBallstát eile, d'fhéadfadh laghdú nó fiú bearnaí i gcosaint ceart bunúsach tarlú.

103. Foráiltear le hAirteagal 5(1) de Rialachán OIPE go n-áiritheoidh OIPE "go n-urramóidh a ghníomhaíochtaí na cearta a chumhdaítear sa Chairt".[69] An gcuirtear ar chumas le Rialachán OIPE an oibleagáid sin a chomhlíonadh in imscrúduithe trasteorann? I mo thuairim, déanann sé amhlaidh.

104. Tá roinnt sásraí ar fud Rialachán OIPE lena dtacaítear leis an gcinneadh sin i gcuimhne agam. Ar an gcéad dul síos, an sásra comhair idir ITEnna láimhseála agus cúnta (Airteagal 31(5) de Rialachán OIPE);[70] ar an dara dul síos, Airteagal 41 de Rialachán OIPE lena ndéileáiltear le raon feidhme chosaint na gceart bunúsach; agus, ar an tríú dul síos, an ceanglas go ndéanfaidh na Ballstáit uile foráil d'athbhreithniú breithiúnach ar ghníomhartha nós imeachta OIPE (Airteagal 42(1) de Rialachán OIPE). Tabharfaidh mé aghaidh go hachomair ar gach ceann acu seo ar a seal.

105. Ar an gcéad dul síos, mar a chuir OIPE agus an Coimisiún i bhfios go láidir, níl forais neamhaitheantais i Rialachán OIPE. Ina ionad sin, chun ceanglais dhlí Bhallstát an ITE chúnta a chur san áireamh agus chun lochtanna a d'fhéadfadh a bheith ar an iarraidh ar bheart imscrúdaithe a cheartú, braitheann córas OIPE ar idirphlé inmheánach idir na ITEnna láimhseála agus cúnta. Faoi Airteagal 31(5) de Rialachán OIPE, oibríonn an bheirt ITEnna le chéile chun an

[68] Don chonclúid chéanna, féach Mitsilegas agus Giuffrida, thuas fonóta 48, ag lch. 89.

[69] Ar ndóigh, níl san fhoráil seo ach léiriú níos nithiúla ar an oibleagáid atá ar chomhlachtaí uile an Aontais Eorpaigh an Chairt a urramú, mar a léirítear in Airteagal 51(1) di.

[70] Foráiltear le hAirteagal 31(5) de Rialachán OIPE: "I gcás ina measann an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach cúnta (a) go bhfuil an sannadh neamhiomlán nó go bhfuil earráid ábhartha fhollasach ann; (b) nach féidir an beart a dhéanamh laistigh den teorainn ama a leagtar amach sa sannadh ar chúiseanna oibiachtúla a bhfuil údar cuí leo; (c) go mbainfeadh beart malartach ach nach gcuirfeadh isteach chomh mór sin isteach air na torthaí céanna leis an mbeart a shanntar; nó (d) nach ann don bheart sannta nó nach mbeadh sé ar fáil i gcás intíre comhchosúil faoi dhlí a Bhallstáit nó a Ballstáit, cuirfidh sé/sí a Ionchúisitheoir Eorpach maoirseachta ar an eolas agus rachaidh sé/sí i gcomhairle leis an Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach láimhseála chun an t-ábhar a réiteach go déthaobhach.

t-imscrúdú a dhéanamh go héifeachtúil i gcomhréir le cosaint na gceart bunúsach.[71] Tá an córas comhair inmheánaigh sin ar cheann de na gnéithe tábhachtacha chun cosaint na gceart bunúsach i gcóras OIPE a áirithiú.

106. Go háirithe, féadfaidh an ITE cúnta an tIonchúisitheoir Eorpach maoirseachta a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leis an ITE láimhseála nuair a thagann saincheisteanna chun cinn leis an mbeart arna shannadh. Is díol spéise ar leith iad cásanna faoi Airteagal 31(5)(c) agus (d) de Rialachán OIPE: i gcás ina mbainfeadh beart nach mbeadh chomh hionrach na torthaí céanna amach, agus nuair nach ann don bheart sannta nó nach mbeadh sé ar fáil i gcás intíre comhchosúil.

107. Maidir le measúnú go mbainfeadh beart nach mbeadh chomh hionrach sin an toradh céanna amach, comhfhreagraíonn sé d'Airteagal 10(3) de Threoir OIE, faoina bhféadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an beart a d'iarr OIE a athrú. Níos tábhachtaí fós, ciallaíonn sé sin go n-iarrtar ar an ITE cúnta anailís chomhréireachta a dhéanamh ar an mbeart a shanntar, lena bhforáiltear do sheiceáil bhreise.

108. Tá neamh-infhaighteacht an bhirt chéanna i gcás intíre comhchosúil i gceist freisin in Airteagal 10(1)(b) de Threoir OIE, agus tá sé mar chúis le neamh-fhorghníomhú i gcásanna áirithe faoi Airteagal 11(1)(c) de Threoir OIE. I gcás nach féidir leis an mbeirt ITEnna teacht ar chomhaontú laistigh de sheacht lá, déantar an t-ábhar, faoi Airteagal 31(7) de Rialachán OIPE, a tharchur chuig an Dlísheomra Buan le haghaidh cinneadh críochnaitheach. I ndeireadh na dála, ansin, is féidir leis an mbeart teacht slán beag beann ar na hábhair imní a d'ardaigh an ITE cúnta. Is chun leas OIPE é, áfach, go bhféadfar an fhianaise a eascraíonn as an imscrúdú trasteorann a úsáid le linn chéim thrialach an nós imeachta.[72] Ní dócha, mar sin, go dtacódh an Dlísheomra Buan le beart nach bhfuil inghlactha i gceann de na córais dlí rannpháirteacha.

109. Cé go bhféadfadh an córas comhair inmheánaigh idir an ITE láimhseála agus cúnta an chontúirt a bhaineann le sárú ar chearta bunúsacha a mhaolú go pointe áirithe,[73] ní féidir toimhde a dhéanamh go bhfuil OIPE gan locht.

110. I ndáil leis sin, tá sásraí breise i Rialachán OIPE lena gcumasaítear gníomhaíochtaí OIPE a rialú in imscrúduithe trasteorann.

111. Ar an gcéad dul síos, leagtar amach in Airteagal 41 de Rialachán OIPE cearta nithiúla daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe i nósanna imeachta OIPE ar bhealach níos mionsonraithe. Tagraíonn sé do na caighdeáin chosanta sa Chairt (mír 1); maidir leis an gcosaint a ráthaítear sna sásraí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh lena gcomhchuibhítear gnéithe den nós imeachta coiriúil sna Ballstáit (mír 2);[74] agus maidir leis na cearta nós imeachta uile atá ar fáil faoin dlí náisiúnta is infheidhme (mír 3).[75]

[71] Féach, ina leith sin, Herrnfeld, thuas fonóta 15, ag lgh. 293 go 295. Is díol spéise é go bhfaigheann Allegrezza agus Mosna sásra comhair na beirte ITEnna mar ualach ar shimpliú agus luasghéarú imscrúduithe trasteorann, go háirithe toisc nach bhfuil aon teorainn ama ag gabháil le forghníomhú an bhirt imscrúdaithe. Allegrezza agus Mosna, thuas i bhfonóta 43, ag lgh. 154 go 155.

[72] Maidir le hinghlacthacht fianaise, ní fhoráiltear le hAirteagal 37(1) de Rialachán OIPE ach amháin nach ndiúltófar fianaise os comhair cúirt náisiúnta toisc gur i mBallstát eile nó i gcomhréir le dlí Ballstáit eile a bailíodh í, agus dá thoisc sin amháin.

[73] Is é conclúid Allegrezza agus Mosna go gciallóidh an nós imeachta comhair idir an bheirt ITEnna i ndáiríre go n-urramófar dlíthe an dá Bhallstáit faoi seach. Allegrezza agus Mosna, thuas i bhfonóta 43, ag lch. 153.

[74] An ceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin, an ceart chun faisnéise agus rochtain ar chásábhair, an ceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir agus an ceart chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus iad a chur ar an eolas i gcás coinneála, an ceart chun fanacht ina dtost agus an ceart chun toimhde neamhchiontachta, agus an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil.

[75] Lena n-áirítear go sainráite an fhéidearthacht fianaise a chur i láthair, a iarraidh go gceapfaí saineolaithe nó go ndéanfaí finnéithe a cheistiú agus a éisteacht, agus a iarraidh ar OIPE bearta den sórt sin a fháil thar ceann na cosanta.

112. Ar an dara dul síos, ceanglaítear le hAirteagal 42(1) de Rialachán OIPE go mbeidh athbhreithniú breithiúnach ar bhearta imscrúdaithe ar fáil i gcónaí. Dá bhrí sin, mura ndearnadh aon athbhreithniú breithiúnach roimh ré, nó más rud é, mar gheall ar dhá chóras dlí a bheith á gcur i bhfeidhm le chéile (ceann amháin chun údar a thabhairt leis an mbeart agus an ceann eile chun é a fhorghníomhú), go raibh maoirseacht éigin ar chosaint na gceart bunúsach, bheadh athbhreithniú breithiúnach *a posteriori* ar an mbeart ina cheartú ar aon sárú a d'fhéadfadh a bheith ann.[76]

113. Ráthaítear le Rialachán OIPE ardleibhéal cosanta le haghaidh ceart bunúsach. Is fíor, i gcásanna áirithe agus de réir dhearcadh roinnt Ballstát, go bhféadfadh laghdú ar leibhéal na gceart aonair a bhí faoi chosaint roimhe seo a bheith mar thoradh air. Mar sin féin, cosnaítear na cearta sin ar a laghad ar leibhéal na Cairte agus an Choinbhinsiúin um Chearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint ("ECHR"). Is cinnte go dtiocfaidh laghdú ar chosaint na gceart bunúsach i mBallstáit a bhfuil leibhéal cosanta níos airde acu roimh ré mar thoradh ar chomhchuibhiú,[77] ach amháin má ghlactar an caighdeán is airde mar riail choiteann.

114. Is é sin, áfach, an praghas a bhaineann le todhchaí a thógáil le chéile.

115. Mar fhocal scoir, maidir le himscrúduithe trasteorann, bunaítear córas ardfhorbartha aitheantais fhrithpháirtigh le Rialachán OIPE. Fiú mura ndéantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht diúltú do chinneadh ITE láimhseála gur gá beart imscrúdaithe a dhéanamh i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an príomh-imscrúdú ar siúl, tá coimircí éagsúla ann lena ráthaítear cosaint na gceart bunúsach. Dá bhrí sin, ní chuirtear cosaint na gceart bunúsach i mbaol trí Airteagal 31(3) de Rialachán OIPE a léiriú mar sa chaoi go ndéantar na hinniúlachtaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheart imscrúdaithe trasteorann a roinnt idir dlíchóras chúirteanna Bhallstáit an ITE láimhseála agus chúnta. I bhfianaise an mhéid sin thuas, molaim don Chúirt an léiriú ar Airteagail 31 agus 32 de Rialachán OIPE a ghlacadh mar a leagtar amach i mír 73 den Tuairim seo.

III. Conclúid

116. I bhfianaise na gcúinsí sin roimhe seo, molaim go bhfreagróidh an Chúirt na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ó Oberlandesgericht Wien (Uaschúirt Réigiúnach, Vín, an Ostair) mar a leanas:

(1) Maidir le hAirteagal 31(3) agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("Rialachán OIPE"):,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás imscrúduithe trasteorann, ní fhéadfaidh an chúirt a fhormheasann beart atá le déanamh i mBallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta measúnú a dhéanamh ach ar na gnéithe a bhaineann le beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú.

[76] Féach, de réir analaí, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Richard de la Tour in MM (C-414/20 PPU, EU:C:2020:1009, mír 133) (áit ar mhínigh sé go n-éilíonn cosaint bhreithiúnach éifeachtach nach mór na coinníollacha faoinar eisíodh barántas gabhála Eorpach a bheith faoi réir athbhreithniú ag céim na n-imeachtaí coiriúla tar éis géilleadh, mura bhforáiltear aon leigheas ag céim níos luaithe).

[77] Léirithe go soiléir i gcomhchuibhiú na gcaighdeán le haghaidh trialacha *in absentia*. Bhí an réiteach a roghnaíodh in Airteagal 4a de Chreat-Chinneadh BGE ag teacht salach ar leibhéal cosanta na Spáinne, mar ba léir in *Melloni*. Mar is eol go maith, áfach, chinn an Chúirt, i gcás ina dtarlaíonn comhchuibhiú AE, nach féidir le caighdeáin náisiúnta níos airde cur isteach ar éifeachtacht an chórais muiníne frithpháirtí. Breithiúnas an 26 Feabhra 2013, *Melloni* (C-399/11, EU:C:2013:107, míreanna 62 go 64).

(2) Maidir le hAirteagal 31(3) agus Airteagal 32 de Rialachán OIPE:

Ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás imscrúduithe trasteorann, ní mór don chúirt i mBallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta glacadh le measúnú an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh láimhseála go bhfuil bonn cirt leis an mbeart, cibé acu a fhormheastar nó nach bhformheastar an beart sin le réamhúdarú breithiúnach ón gcúirt i mBallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh láimhseála.